



**An Roinn Oideachais  
agus Scileanna**  
Department of  
Education and Skills

24 Meán Fómhair 2020

A Phríomhoide, a chara,

Gabhaim mórghrúchas libh uile as an obair chrua a rinne sibh agus sibh ag ullmhú don fhilleadh chun na scoileanna, agus bhur dteagmháil le comhghleacaithe Sláinte Poiblí FSS go dtí seo, mar is cuí.

Léiríodh go bhfuil Conair Sláinte Poiblí COVID-19 do Scoileanna éifeachtach ó athosclaíodh na scoileanna. Tá an Roinn Oideachais agus Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) tar éis a bheith ag obair le chéile chun an chonair reatha a athbhreithniú, deiseanna feabhsúcháin a aithint agus an próiseas reatha a shruthlíniú.

Tá sé tábhachtach a bheith san airdeall:

- Nach mbeidh gá le rannpháirtíocht Sláinte Poiblí leis an scoil do gach cás – mar shampla múrar deimhníodh go raibh cás sa scoil le linn na tréimhse tógálach, b'fhéidir nach mbeidh gá le haon ghníomhartha i suíomh na scoile.
- Go mbeidh Ranna Sláinte Poiblí i dteagmháil le scoileanna má chuirtear cás dearbhaithe in iúl dóibh a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige don scoil (m.sh. go raibh cás ar scoil le linn na tréimhse tógálach agus go bhfuil baol ann go scaipfeadh é i suíomh na scoile). Tarlóidh sé seo de ghnáth ar an lá ina gcuirtear in iúl do na Ranna, ach d'fhéadfadh, anois is arís, gur an lá ina dhiaidh a tharlódh sé.
- Go mbeimis faoi chomhairle agat, dá réir sin, dá bhfanfaí leis an teagmháil ó na Ranna Sláinte Poiblí sula ngníomhaíonn tú, a tharlódh go pras má bhíonn gá lena leithéid.
- Go fiú má bhíonn tú ar an eolas, m.sh. ó thuismitheoir gur deimhníodh cás COVID-19 le déanaí laistigh de shuíomh na scoile, gur cóir a mheabharrú nach bhfuil an cás dearbhaithe laistigh de shuíomh na scoile níos mó, agus go bhfuil an baol imithe maidir leis an ionfhabhtú a chur ar aghaidh. Tuigimid freisin ón litríocht idirnáisiúnta gur rud neamhghnách é ionfhabhtú a chur ar aghaidh laistigh den suíomh scoile, go háirithe má bhíonn moltaí sláinte poiblí á gcur i bhfeidhm go maith, lena n-áirítear sláinteachas láimhe, sláinteachas riospráide agus fadú fisiceach.

Tá an Roinn Oideachais agus FSS tar éis roinnt feabhsuithe a aithint a chuideoidh le feidhmiú níos éifeachtaí an phróisis. Ní athraíonn na feabhsuithe seo aon chomhairle nó aon treoir atá curtha in iúl cheana ag an Roinn Oideachais nó ag Sláinte Poiblí FSS.

Rinneadh na Ceisteanna Coitianta iniata a fhorbairt i bhfianaise na bhfiosruithe a tháinig chun solais ó athosclaíodh na scoileanna.

Féach ar dtús, i gcás aon cheisteanna scoile a bhaineann le COVID-19, ar na Ceisteanna Coitianta (iniata) agus táthar ag súil go mbeidh formhór na bhfreagraí ansin.

Do cheisteanna eile, glaogh ar HSELive ag 1850 24 1850. Tá an tseirbhís oscailte **Luan go hAoine: 8am - 8pm, Satharn agus Domhnach 9am - 5pm.**

Ina theannta sin, tá seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha gutháin áitiúla na Roinne Sláinte á gcur ar fáil do Phríomhoidí (iniata). Mar gheall ar an líon ard glaonna faoi láthair, iarrtar ort gan teagmháil a dhéanamh le do Roinn Sláinte Poiblí áitiúil ach má tharlaíonn cás sonrath **éigeandála** COVID-19 a bhaineann le do scoil.

### **Is do scoileanna amháin sonraí teagmhála áitiúla na Roinne Sláinte Poiblí agus ní cóir iad a chur ar aghaidh go tuismitheoirí.**

Táimid freisin ag iarraidh ar scoileanna anois teimpléad excel a chomhlánú le faisnéis chruinn, cothrom le dáta, ar scoláirí agus ar bhaill foirne ar eagla go mbíonn cás dearbhaithe i bpobal na scoile. Áirítear leis seo ainmneacha, dátaí breithe, seoltaí agus sonraí teagmhála eile. Má bhíonn cás dearbhaithe nó ráig COVID-19 i measc phobal na scoile, déanfaidh Ranna Sláinte Poiblí FSS agus an tOifigeach Leighis Sláinte (MOH) Measúnú Riosca Sláinte Poiblí. Mar chuid den mheasúnú riosca, cuirfear ceisteanna ort faoi idirghníomhú cás/cásanna dearbhaithe COVID-19 le daoine eile i suíomh na scoile. Cuirfidh an t-eolas seo ar chumas Sláinte Poiblí FSS dlúth-theagmhálacha an cháis/na gcásanna dearbhaithe a aithint. Iarrfar ort freisin faoi fhaisnéis ábhartha eile, ar nós leagan amach na scoile agus cur i bhfeidhm na mbeart sláinte poiblí sa scoil (m.sh. fadú fisiceach sa scoil, cibé an bhfuil ranganna roinnte i bhfaighneoga (bunscoil), cibé an raibh aghaidhmhaisc á chaitheamh ag scoláirí/ baill foirne, más cuí (iar-bhunscoileanna) srl.)

Má chinneann an MOH go bhfuil gá le tástáil COVID-19 do dhaoine i bpobal na scoile, cuirfidh an fhaisnéis a bheidh curtha le chéile ag do scoil ar an teimpléad excel ar chumas FSS coinní tástála a sceidealú.

### **Bonn Reachtúil**

Is Comhairleoirí i Leigheas Sláinte Poiblí iad Oifigigh Leighis Sláinte (MOH) atá ag obair do FSS le freagracht reachtúil galair thógálacha infhógartha a iniúchadh agus a rialú, lena n-áirítear COVID-19. Soláthraíonn na Rialacháin um Ghalair Thógálacha 1981, arna leasú, an bonn reachtúil agus an t-údarás don ghníomhaíocht seo. Is é an bonn reachtúil chun sonraí a iarrtar a roinnt le Sláinte Poiblí (MOH) ná na [Rialacháin um Ghalair Thógálacha 1981](#) arna leasú. Soláthraíonn na Rialacháin an fhreagracht dhlíthiúil don Sláinte Poiblí in Airteagal 11 agus an tÚdarás in Airteagal 19. Comhlíonann an reachtaíocht seo coinníollacha c, d agus e Airteagal 6 [RGCS](#) maidir le dlíthiúlacht na próiseála agus maidir le ceadú catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 9 2 (i).

Déanfaidh an MOH gach eolas is gá a éileamh mar thoradh ar mheasúnú riosca – d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo iarraidh ar an scoil eolas atá ar fáil sa teimpléad excel a sholáthar, i.e. ainmneacha agus sonraí teagmhála do dhaoine aonair i bhfaighneoga/ ranganna/ nó san áit oibre go hiomlán. Ní bheidh an teimpléad sonraí á éileamh ag an MOH ach nuair a shíltear go bhfuil gá lena leithéid mar thoradh ar mheasúnú riosca Sláinte Poiblí. Cuideoidh an leagan amach ar leith atá sa teimpléad excel le hatreorú éifeachtach don tástáil. B'fhéidir go n-éileoidh an MOH freisin litreacha ar leith nó teachtaireachtaí téacs a

chur amach chuig tuismitheoirí nó baill foirne aontaithe, mar shampla, iad siúd a aithnítear mar dhlúth-theagmhálacha le cásanna deimhnithe COVID-19, chun cumarsáid pras a éascú don ghníomh sláinte poiblí atá riachtanach agus na himpleachtaí a bhaineann leis sin dóibh. Cuirfidh Sláinte Poiblí FSS na litreacha seo ar fáil ag an am.

Tá gach gníomh a éilíonn an MOH de dhíth faoi na Rialacháin um Ghalair Thógálacha.

Iniata leis an litir chumhdaigh seo tá pacáiste tacaíochta do scoileanna. Tá na nithe seo a leanas sa phacáiste tacaíochta:

- An **teimpléad excel** atá le comhlánú ag an scoil, le treoracha ‘conas’ a thugann mioneolas ar an tslí leis an teimpléad a chomhlánú.
- Bileog **Ceisteanna Coitianta** don scoil.
- Sonraí teagmhála do Ranna Sláinte Poiblí FSS

Tá fáil ar eolas go dáta agus ar chomhairle faoi COVID-19 ar hse.ie. Má tá aon cheisteanna agat is féidir leat glaoch ar HSELive ag 1850 24 1850.

Le dea-mhéin,



Deirdre Shanley

Rúnaí Cúnta

An Roinn Oideachais